C/2024/2886

23.4.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11388 — HYDRO ENERGI / MIRACL / REIN JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/2886)

1. An 12 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hydro Energi AS, ('Hydro Energi'), an Iorua, faoi rialú deiridh Norsk Hydro ASA ('Hydro'),

— Macquarie Infrastructure and Real Assets Core Limited, ('MIRACL'), an Ríocht Aontaithe, faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited,

— Hydro REIN JV Co AS, (REIN), an Iorua, faoi rialú deiridh Hydro.

Gheobhaidh Hydro Energi agus MIRACL rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar REIN.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus REIN:

— Is cuideachta alúmanaim lán-chomhtháite é Hydro Energi, cuideachta a dhéanann a cuid gnó ar fud an tslabhra luacha alúmanaim, ó fhuinneamh go mianadóireacht báicsíte, mínghlanadh alúmana, táirgeadh alúmanaim phríomhúil, easbhrúnna alúmanaim, agus athchúrsáil alúmanaim,

— Díríonn MIRACL ar bhainistiú bonneagair agus sócmhainní réadacha eile, lena n-áirítear sócmhainní réadmhaoine, fuinnimh agus talmhaíochta,

— Tá REIN i mbun tionscadail ghaoithe agus fhótavoltacha gréine ar an gcladach a fhorbairt agus seirbhísí réitigh fuinnimh a sholáthar san Eoraip, sa Bhrasaíl agus i Meiriceá Thuaidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11388 — HYDRO ENERGI / MIRACL / REIN JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË